Dhá scéal nuachta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar dhá thuairisc faoi leith.

Ceangail na focail Ghaeilge leis na focail Bhéarla.

1. distribution proposal	a. il-ardáin
2. multiple platforms	b. ábhar a sheachadadh
3. Department of Communications, Energy and Natural Resources	c. éiginnteacht
4. capital investment	d. oíche bhreá siamsaíochta
5. headquarters	e. infheistíocht chaipitil
6. transmit material	f. An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha
7. broadcasting technology	g. togra dáileacháin
8. uncertainty	h. ceannáras
9. and his family / people	i. teicneolaíocht an chraolacháin
10. many	j. agus a mhuintir
11. a good night's entertainment	k. is iomaí

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11

Ceist 2 Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí plé ar an méid atá ar eolas agaibh faoi na scéalta seo. Mura bhfuil aon bharúil agaibh, tugaigí buille faoi thuairim. Bainigí úsáid as na focail faoi cheist 1.

Togra dáileacháin il-ardáin fógartha ag an Aire Rabbitte do TG4

Cuimhne mhaith ar Peter O'Toole ar an gClochán

Féachaigí ar an dá thuairisc anois le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 3 Féach ar an mír arís agus líon na bearnaí leis na focail chearta ó cheist 1. Bí cúramach, tá níos mó focal ná spásanna.

Tá an _____ le suas le seacht gcéad míle euro d'_____ a chur ar fáil do TG4. Is é an tAire Pat Rabbitte a d'fhógair an togra le linn cuairte ar an g_____ níos túisce inniu. Leis an infheistíocht beidh TG4 in ann _____ chuig ardáin éagsúla agus beidh sé níos éasca ag lucht féachana ar fud na cruinne teacht ar chláracha TG4.

Chas an tAire le cathaoirleach agus le bord TG4. Léiríonn an togra nua go bhfuil ar chumas TG4 coinneáil le forbairtí i d_____ , a deir an tAire Pat Rabbitte.

Ó bhásaigh an t-aisteoir cáiliúil Peter O'Toole i Londain aréir, tá an _____ maidir leis an áit go díreach ar rugadh é, i Sasana nó i gConamara, tarraingthe anuas arís. Ach ní raibh aon éiginnteacht inniu ar an gClochán i dTuaisceart Chonamara faoin gcuimhne atá ag daoine ar an mbaile sin ar an aisteoir agus ar a mhuintir. Ba mhinic Peter O'Toole ag seó capaillíní bliantúil agus _____ _____ a chaith sé féin agus a chairde ar an gClochán.

Ceist 4 '…*suas*…' agus '…*anuas*…'

A. Líon na bearnaí:



B. Cuir Gaeilge ar na habairtí seo a leanas:

1. He went upstairs to get his book.
2. Tell Sinéad to come downstairs right now.
3. Is the dog downstairs?
4. Look who's coming down the corridor!
5. Be careful, the child is going up the stairs.
6. Is Seán up in his room?
7. Come up here till I speak to you.
8. Go up to bed straight away.
9. Colm went down to the shop to get some milk.
10. When is your Mother coming up to visit?

Ceist 5 Féach ar na focail seo a bhí sa mhír. An bhfuil siad firinscneach nó baininscneach? Cén fáth?

An tAire
An t-aisteoir
An éiginnteacht
An togra

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine eile i do ghrúpa:

Cén tslí a mbeidh TG4 in ann lucht féachana níos mó a mhealladh, ó gach cearn den domhan, dar leat?

Cé hé nó hí an t-aisteoir is fearr leat féin? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11
g	a	f	e	h	b	i	c	j	k	d

Ceist 2
Iarr ar gach beirt na scéalta a phlé sula seinntear an tuairisc.

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
A.
Ag dul suas. Thuas. Ag teacht anuas.
Ag dul síos. Thíos. Ag teacht aníos.
B.
1. Chuaigh sé suas staighre lena leabhar a fháil.
2. Abair le Sinéad a theacht anuas an staighre anois díreach.
3. An bhfuil an madra thíos staighre?
4. Féach cé atá ag teacht aníos an pasáiste!
5. Bí cúramach, tá an leanbh ag dul suas an staighre.
6. An bhfuil Seán thuas ina sheomra?
7. Tar aníos anseo go labhróidh mé leat.
8. Téigh suas a luí anois díreach.
9. Chuaigh Colm síos go dtí an siopa chun bainne a cheannach.
10. Cathain atá do mháthair ag teacht aníos chun cuairt a thabhairt orainn?

Ceist 5
An tAire (f) – cuirtear ‘t’ ar fhocail fhirinscneacha a thosaíonn le guta sa tuiseal ainmneach.
An t-aisteoir (f) – cuirtear ‘t’ ar fhocail fhirinscneacha a thosaíonn le guta sa tuiseal ainmneach.
An éiginnteacht (b) – Ní chuirtear aon ní ar fhocail bhaininscneacha a thosaíonn le guta sa tuiseal ainmneach.
An togra (f) – De bhrí go bhfuil na *dntls* i gceist sa tuiseal ainmneach sa sampla seo, agus toisc go gcríochnaíonn an focal ar ghuta, ní féidir a bheith cinnte faoi inscne an fhocail. Mar sin, ba cheart féachaint san fhoclóir.

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Togra dáileacháin il-ardáin fógartha ag an Aire Rabbitte do TG4

Eimear Ní Chonghaile
Tá an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha le suas le seacht gcéad míle euro d'infheistíocht chaipitil a chur ar fáil do TG4. Is é an tAire Pat Rabbitte a d'fhógair an togra le linn cuairte ar an gceannáras níos túisce inniu. Leis an infheistíocht beidh TG4 in ann ábhar a sheachadadh chuig ardáin éagsúla agus beidh sé níos éasca ag lucht féachana ar fud na cruinne teacht ar chláracha[1] TG4. Chas an tAire le cathaoirleach agus le bord TG4. Léiríonn an togra nua go bhfuil ar chumas TG4 coinneáil le forbairtí i dteicneolaíocht an chraolacháin, a deir an tAire Pat Rabbitte.

Cuimhne mhaith ar Peter O' Toole ar an gClochán

Eimear Ní Chonghaile
Ó bhásaigh an t-aisteoir cáiliúil Peter O'Toole i Londain aréir, tá an éiginnteacht maidir leis an áit go díreach ar rugadh é, i Sasana nó i gConamara, tarraingthe anuas arís. Ach ní raibh aon éiginnteacht inniu ar an gClochán i dTuaisceart Chonamara faoin gcuimhne atá ag daoine ar an mbaile sin ar an aisteoir agus ar a mhuintir. Ba mhinic Peter O'Toole ag seó capaillíní bliantúil agus is iomaí oíche bhreá siamsaíochta a chaith sé féin agus a chairde ar an gClochán.

[1] Is é '*cláir*' an t-iolra atá sa chaighdeán oifigiúil agus tá '*cláracha*' an-choitianta sa chaint.